

**Bord na Gaeilge**  
**Coláiste na hOllscoile Corcaigh**

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**  
**2010 - 2011**

**CLÁR**

<b>1.</b>	<b>Tuarascáil Bhliantúil - <i>Leagan Gaeilge</i></b>	<b>Ich</b>
1.1	Comhthéacs .....	
1.2	Buaiceanna na Bliana .....	
1.3	Míoneolas .....	
	<b>Annual Report - <i>English Version</i></b>	
1.1	Context .....	
1.2	Main achievements .....	
1.3	Statistics .....	
<b>2.</b>	<b>Riar Gnóthaí / Administrative Lay-out</b>	
2.1	Ballraíocht an Bhoird .....	
2.2	Ballraíocht Choiste Gnó an Bhoird .....	
2.3	Foireann Ionad na Gaeilge Labhartha .....	
2.4	Doiciméad Polasaí .....	
2.5	Léaráid Eagraithe Foirne .....	
<b>3.</b>	<b>Aguisíní / Appendices</b>	
3.1	Cúrsaí sa Ghaeilge Labhartha : figiúirí 2010 - 2011 .....	
3.2	Courses in Spoken Irish : 2010 – 2011 figures .....	
3.3	Táblaí / Charts :	
	1. Líon na bhfoghlaimeoirí .....	
	2. Uaireanta an chloig teagaisc .....	
	3. Scoláireachtaí Gaeltachta .....	

**Bord na Gaeilge  
Coláiste na hOllscoile Corcaigh**

2.1 BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

**(a) BAILL EX-OFFICIO :**

An tUachtarán, An tOllamh Micheál Ó Murchú  
An tUas. D. Ó hAodha (Cathaoirleach arna ainmniú ag an Uachtarán)  
An Cláraritheoir, An tOllamh P.S. Giller  
An Dr Ronán Ó Dubhghaill (Ineadaí arna ainmniú ag an gCláraritheoir)  
An tOllamh le Nua-Ghaeilge, Alan Titley  
An tOllamh le Sean- agus le Meán-Ghaeilge, Máire Herbert  
Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn

**(b) BAILL TOFA AG AN gCOISTE RIALAITHE :**

An tUas. N. Ó Donnabháin  
An tUas. D. Ó Mathúna

**(c) BAILL AINMNITHE AG AN gCOMHAIRLE ACADÚIL AGUS TOFA AG AN gCOISTE RIALAITHE :**

.....  
.....

**(d) BAILL AINMNITHE AG NA CEITHRE CHOLÁISTE ACADÚLA :**

An Dr S. Ó Cadhla  
An Dr D. Caomhánach  
An Dr P. MacCárthaigh  
An Dr Ciara Ní Thuathail

**(e) BAILL A COMHTHOUGHADH :**

An Dr O. Ní Dhubhghaill  
An tOll. G. Ó Crualaoich

**AN RÚNAÍ :** An tUas. P. Ruiséal

- *Mairfidh tréimhse oifige an Bhoird ar feadh cúig bliana is é sin 2007 – 2012, ar aon dul le tréimhse oifige an Choiste Rialaithe.*

## 2.2 COISTE GNÓ AN BHOIRD

### (a) **BAILL AINMNITHE AG AN MBORD :**

Orla Ní Dhubhghaill

Caoimhín Ó Muirí

Pól Ruiséal (Rúnaí)

Gráinne Thompson

Claire Ní Mhuirthile

### (b) **BAILL A COMHTHOGHADH :**

Brian Ó Donnchadha

Nuala de Búrca

### (c) **URLABHRAITHE MIC LÉINN :**

Aoife Neville

Siobhán de Paor

Maedhbh de Brún

Caoimhín Ó Muirgheasa

Peadar Mac Suibhne

## 2.3 Foireann IONAD NA GAELIGE LABHARTHA *CENTRE FOR SPOKEN IRISH STAFF*

**Áine Ní Ghadhra**, *Cúntóir Feidhmitheach Sinsearach*

**Gobnait Ní Loingsigh**, *Cúntóir Feidhmitheach*

**Claire Ní Mhuirthile**, *Teagascóir/Riarthóir*

**Marian Ní Shúilliobháin**, *Teagascóir/Riarthóir*

**Brian Ó Donnchadha**, *Teagascóir/Aistritheoir*

**Seán Ó Laoi**, *Teagascóir/Riarthóir*

**Ciarán Dawson**, *Teagascóir/Comheagraí Ríomhaireachta*

**Cearbhall Ó Colmáin**, *Teagascóir/Cúntóir Ríomhaireachta*

**Nuala de Búrca**, *Teagascóir/Cúntóir Ríomhaireachta*

**Caitriona Budhlaeir**, *Teagascóir/Bainisteoir, Dún Chíomháin*

**Nóirín Uí Mhuircheartaigh**, *Coimeádaí Dhún Chíomháin*

**Janice Uí Chonchubhair**, *Feitheoir an tSeomra Caidrimh*

**Pól Ruiséal**, *Stiúrthóir*

2.4 **Doiciméad Polasaí Gaeilge COC agus Staitiúid / UCC Irish Language Policy**

**Document and Statute :**

*Cur chun cinn na Gaeilge i Saol an Choláiste, An Coiste Rialaithe, 2009*

*The advancement of Irish in College, The Governing Body, 2009*


**NÓTA:** Tá an doiciméad nuachóirithe seo ar fáil in Oifig na Gaeilge Labhartha, Áras Uí Rathaille, COC. Ghlac an Coiste Rialaithe leis ar 10 Feabhra 2009.

2.5 Léaráid Eagraithe Foirne – Organisational Chart

Ionad na Gaeilge Labhartha (Centre for Spoken Irish)

*[Please insert as amended]*

2.5 LÉARÁID FOIRNE - ORGANISATIONAL CHART  
 IONAD na GAELGE LABHARtha - CENTRE for SPOKEN IRISH



### 3.3.1 Líon na Mac Léinn / (Uaireanta Teagaisc) 2004 – 2011

#### 3.3.2 1. (Numbers of Students) / Teaching Hours

	04-05	05-06	06-07	07-08	08-09	09-10	10-11
	<b>STUD/HRS</b>	<b>STUD/HRS</b>	<b>STUD/HRS</b>	<b>STUD/HRS</b>	<b>STUD/HRS</b>	<b>STUD/HRS</b>	<b>STUD/HRS</b>
<i>Deonach/Voluntary</i>	194/126	260/140	182/140	220/126	175/98	170/112	138/84
<b>Scileanna/Applied Skills</b>	189/108	367/221	373/220	435/302	500/461	166/443	207/327
Pobal/Evening	410/823	480/960	430/900	385/780	458/841	353/800	342/600
Roinn na Nua-Ghge/Dept. of Modern Irish na Sean-Ghge/Dept. of Old Irish	100/120	140/168	117/134	120/144	120/144	160/192	163/218
DIO (ATO)/PGDE (HDE)	35/28	50/28	62/45	30/30	30/30	35/30	35/30
Dioplóma I/Diploma I	20/83	17/83	15/83	15/123	15/123	15/123	15/223
Fíorthosnaitheoirí/Beginners	443/444	342/481	567/506	453/526	419/554	655/517	509/653
Foirne/Staff(s)	233/58	179/56	256/57	184/145	191/98	100/80	150/64
<b>IOMLÁIN</b>	<b>1,630/1,901</b>	<b>1,835/2,137</b>	<b>1,992/2,085</b>	<b>1,842/2,176</b>	<b>1,908/2,348</b>	<b>1,654/2,297</b>	<b>1,573/2,199</b>

### 3.3.3 Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2004 - 2011

#### Gaeltacht Scholarship Programme

	04/05	05/06	06/07	07/08	08/09	09/10	10/11
Líon Mac Léinn / Student Nos:	103	115	100	102	137	105	91

## 1.1 Comhthéacs

Tá téarmaí tagartha Bhord na Gaeilge leagtha síos i gCaib. E, Mír 8 de Phríomh-Staitiúid Choláiste na hOllscoile Corcaigh (COC) agus tháinig an mhír staitiúide i bhfeidhm i mí Meithimh 2008. Is coiste staitiúideach é An Bord de chuid an Choiste Rialaithe. Tá obair Ionad na Gaeilge Labhartha faoi réir ag an gcáipéis pholasaí de chuid an Bhoird/Choiste Rialaithe “*Cur chun cinn na Gaeilge i saol na hOllscoile*” (2009) agus ag Plean Straitéise COC. Ullmhaíodh spriocráiteas an Ionaid agus é faoi réir go ginearálta ag an ndoiciméad céanna polasaí. Tá ceithre mhír aidhme sa spriocráiteas mar atá :

- *an Ghaeilge a chur chun cinn go cruthaitheach in COC agus in Éirinn faoi réir ag airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann (1937), ag Acht na nOllscol (1997), ag Comhaontú Bhéal Feirste (1998), ag Acht na dTeangacha (2003)*
- *cláir teanga sa Ghaeilge labhartha agus fheidhmeach a thairiscint ag an uile leibhéal líofachta san ollscoil agus ag na leibhéil chuí sa Ghaeltacht i gcomhthéacs institiúid na hollscolaíochta Gaeilge*
- *cur ar chumas daoine bheith páirteach i dtimpeallacht thacúil, dhátteangach a bhfuil scéimeanna agus gréasáin Ghaeilge agus gníomhaíochtaí cultúrtha mar chuid lárnach di*
- *a chinntiú go dtagann na seirbhísí teanga uile faoi anáil taighde agus na gcleachtas is fearr i réimse leathan an tsealbhaithe teanga*

Tá obair agus ról Ionad na Gaeilge Labhartha á socrú agus á bhfócasú go leanúnach agus tagann siad faoi anáil bhuncháipéisí staidéir áirithe i réimsí shealbhú an dara teanga agus an oideachais tríú leibhéal de leithéid Tuairisc Hunt um Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas (9 Lúnasa 2010) agus an doiciméid Languages in Europe, Towards 2020 / Anailís agus moltaí de chuid athbhreithniú agus chomhairlí \*LETPP (2011), The Languages Company.

## 1.2 Buaiceanna na Bliana

- D’fhreastail líon ard mac léinn ar chláir teanga Ionad na Gaeilge Labhartha i gcaitheamh na bliana. Is é an líon a bhí sa treis 1,573.
- Bhí 2,559 mac léinn rannpháirteach sna scéimeanna agus sna gníomhaíochtaí cultúrtha. Nuair a chuirtear gach cúrsa san áireamh chítear gur dhein an tIonad freastal ar riachtanais teanga breis agus cheithre mhíle mac léinn i rith na bliana. D’éirigh leis an Ionad méadú 1.0% a dhéanamh ar líon iomlán na mac léinn a ghlac páirt sna scéimeanna agus sna cúrsaí teangan i gcomparáid le líon na bliana 09/10.
- D’fhreastail breis agus 2,300 duine geall leis ar na gníomhaíochtaí sin teanga a bhí faoi choimirce dhíreach Bhord na Gaeilge :

\* LETPP nó Clár Foghlama Saoil an Aontais Eorpaigh ar a dtugtar “Languages in Europe, Theory, Policy and Practice”.

<b>Gníomhaíocht</b>	<b>Rannpháirtithe</b>
Clár teanga na dteaghlach foirne .....	36
Scéim na scol .....	20
Léachtaí poiblí agus Imeachtaí Eile .....	1,714
An Seomra Caidrimh .....	550
<b>Iomlán : .....</b>	<b>2,320</b>

- Bhronn Meadhbh Ní Urdail agus Vivienne Cremin *t/c* Banc na hÉireann, Gradam na Gaeilge ar fiú míle ‘euro’ é, ar Rút Nic Ginneá agus ar Chaoimhín Ó Muirgheasa. Ba é Banc na hÉireann a dhein urraíocht ar an gcomórtas oscailte tras-ollscoile seo.
- Eagraíodh seimineáir, cúrsaí agus sraith de léachtaí poiblí i gcaitheamh na bliana i nDún Chíomháin. Bhí í sin an chéad tsraith riamh a eagraíodh do mhuintir na Gaeltachta, bhain na léachtaí le Logainmneacha Chorca Dhuibhne agus d’fhreastail breis agus caoga duine ar gach léacht acu.
- Deineadh athchóiriú tábhachtach breise ar Dhún Chíomháin. Socraíodh fuinneoga nua leis an dara pána gloine, don Dún ar fad agus deineadh uasghrádú ar shaoráidí ríomhaireachta.
- Bhronn an Ollscoil oifigí breise ar an Ionad in Uimhir 4, Ardán Ghort na mBláth. Chun cur le foghlaim teanga le cabhair na n-ilmheán, tá trí stáisiún oibre nua á bhforbairt ann i dteannta na ríomhairí is déanaí de chuid Apple Mac.
- De réir fhorálacha scéim teanga na hollscoile, táthar ag cur le gaelú an tsuímh láir idirlín. Ullmhaíodh bileog chomhairle maidir le húsáid na Gaeilge agus cuireadh timpeall í go dtí gach roinn, ionad agus aonad san Ollscoil. Socraíodh mearnasc ar leathanach baile an tsuímh a thugann duine díreach go dtí Aonad Aistriúcháin an Ionaid.
- Deineadh athbheithniú cuimsitheach feabhais ar obair an Ionaid i gcaitheamh na bliana. Chuir an Piarghrúpa Athbheithnithe sásamh in iúl i leith dhul chun cinn an Ionaid agus thréaslaigh siad feabhas a cuid oibre sna réimsí éagsúla leis an Ionad. Chuir siad síos ar an Ionad mar “eiseamláir” agus go mb’fhiú d’Ionaid eile Ollscoile “aithris a dhéanamh air”. Thacaigh Coiste Feabhais Láir COC leis an moladh seo agus dhein comhghairdeas le foireann an Ionaid.
- Múineadh an cúrsa dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach ar Leibhéal 7 (Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí) den chéad uair agus cuireadh modúl amháin de na trí cinn sa chéad bhliain ar fáil go hiomlán ar líne. Múinfear trí cinn de mhodúil sa dara bliain agus beidh ceann acu seo ar líne chomh maith. Cúrsa páirtaimseartha a mhaireann dhá bhliain atá i gceist. Cuireadh cúrsa nua oíche ar fáil i ngramadach na teanga don bhliain 2011/12.
- Eagraíodh trí thuras lae ar Ghaeltacht Mhúscaí i gcomhar le Comharchumann Forbartha Mhúscaí. Ullmhaíodh sceideal suimiúil cuairteanna agus imeachtaí agus d’fhreastail breis agus seachtó mac léinn ar na turasanna.



- Tionóladh an cruinniú Meithimh 2010 de Bhord na Gaeilge sa Ghuagán Barra agus an cruinniú Meithimh 2011 i gColáiste na Rinne sna Déise. Ba iad so na chéad uaireanta riamh gur tionóladh cruinnithe Boird sa Ghaeltacht agus léiríonn sé seo tábhacht na Gaeltachta i gcomhthéacs obair an Bhoird.

## Maoiniú

Sa phlé a dhein Coiste Feabhais COC ar an bpróiseas athbhreithnithe ar ghabh Ionad na Gaeilge Labhartha tríd i rith na bliana, dhein sé comhghairdeachas leis an Ionad mar gheall ar an dtuairisc fhíor-dhearfach a chuir baill an phiarghrúpa isteach. D'fháiltigh Coiste Feabhais COC go háirithe roimh thuairimíocht an phiarghrúpa i leith fhorbairt, dhul chun cinn agus rathú shoiléir obair an Ionaid.

Tuigtear go maith áfach go mbaintear ardchaighdeán amach de thoradh iarrachtaí laethúla leanúnacha agus go mbíonn an dúshlán i gcónaí ann chun tuilleadh fáis is feabhsaithe a dhéanamh. Is gá a chur san áireamh chomh maith go bhfuiltear ag feidhmiú i dtréimhse go bhfuil cúngráíocht mhór airgid sa treis don ollscoil, go bhfuil teacht isteach na nIonad san ollscoil á thógaint anois le cur i dtreo fhiacha COC agus go bhfuil laghdú 60% déanta ar bhuiséad neamh-phá an Ionaid ó 2008 i leith. Chun seirbhísí oideachais an Ionaid a choimeád ar siúl agus chun gan aon ísliú a dhéanamh ar chaighdeán, is léir go gcaithfear breis úsáide feasta a bhaint as maoiniú spriocionscnamh Gaeilge an Údaráis um Ard-Oideachas.

## Osradharc ar chlár teanga

Tá príomhchlár teanga, gréasáin agus gníomhaíochtaí an Ionaid i dteannta a líon foghlaimeoirí agus rannpháirtithe, roinnte faoi thrí mhír mar seo leanas :

1. clár teanga idir ghinearálta agus acadúil,
2. gréasáin, scéimeanna, gníomhaíochtaí cultúir,
3. cúrsaí deireadh seachtaine sa Ghaeltacht.

### I Clár teanga idir acadúil agus ghinearálta

	<b>10/11</b>
1. Mic léinn fochéime, iarchéime agus lánfhásta .....	138
2. Mic léinn an Dioplóma Iarchéime in Oideachas .....	35
3. Eachtrannaigh :	
i) mic léinn JYA Mheiriceá, Erasmus, Socrates, Tempus .....	345
ii) Ollscoil A Coruna na Spáinne .....	74
iii) mic léinn Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin.....	70
mic léinn Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin i nDún Chíomhain.....	24
4. Dioplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach) (GA1060, GA1061, GA1062) .....	15
5. BCL Dlí le Gaeilge (GA2010) .....	---

6. Scileanna Ríomhaireachta :	
i) bunscoleanna.....	07
ii) meánscoleanna.....	07
iii) daltaí an chláir “Líonadh na Bearna” .....	---
iv) Clár Teagaisc & Foghlama.....	70
v) foghlaimoírí leanúnacha.....	38
7. Fochéimithe Roinn na Nua-Ghaeilge, Bliain I.....	120
Fochéimithe Roinn na Sean-Ghaeilge, Bliain 3.....	16
8. Foireann :	
i) Dhá ghrúpa scéime teanga .....	13
Dhá ghnáthghrúpa foirne.....	19
ii) Oilúint ghairmiúil na foirne reatha/nua, COC .....	04
9. Cúrsaí “ab initio”, deich, fiche seachtain don Phobal .....	342
10. Modheolaíocht mhúinte teanga :	
i) Aon ghrúpa múinteoirí .....	20
ii) Trí ghrúpa eile .....	04
iii) Coláistí Samhraidh .....	(114)
11. i) Úsáid Chruinn na Gaeilge .....	07
ii) Iriseoireacht Ghairmiúil .....	08
iii) Aistriúchán .....	21
iv) Mic léinn (T)EFL .....	20
v) Mic Léinn Corpoideachais .....	27
vii) Modúl Leighis (MX 1007).....	13
12. Cúrsa na dTionóntaí .....	12

**Fo-iomlán : 1,573**

\* (1,654) [laghdú 5%]

## **II Gréasáin, Scéimeanna, Gníomhaíocht Chultúrtha**

1. Scoláireachtaí Gaeltachta .....	151
2. Ionad Cónaithe Gaeilge (25 iarratasóir) .....	17
3. Clár Teanga na dTeaghlach Foirne .....	36
4. Turas Lae ar an nGaeltacht (3) .....	71
5. Scéim na Scol .....	20
6. Léachtaí Poiblí, Féilte, Fáiltithe, Coirmeacha Ceoil, Seoltaí Leabhar, Imeachtaí Gaeilge .....	1,714

7. Úsáideoirí rialta an tSeomra Caidrimh ..... 550

**Fo-iomlán :** 2,559

\* (2,335) [méadú 1.0%]

### III Cúrsaí Eile

1. Cúrsaí deireadh seachtaine i nDún Chíomháin, nár cuireadh san áireamh thuas.... 60

**Fo-iomlán :** 60

**Iomlán :** 4,192

\* (4,159) [méadú 1%]

*\*Iomláin na bliana 2009 – 2010*

### Léachtaí, Seimineáir, Comhdhálacha

Ba í an Ghaeilge labhartha an ghné chomónta a bhain leis na himeachtaí éagsúla a thionóil an tIonad taobh istigh agus taobh amuigh den ollscoil i gcaitheamh na bliana. Cuireadh sraith na léachtaí poiblí ar siúl comhthreormhar le sraith léachtaí an chúrsa dioplóma. Cuirtear i láthair anso thíos sampla coimrithe ionadaíoch de na gníomhaíochtaí éagsúla ar fad a bhí sa treis :

- Sheol **Sinéad Ní Loideáin TG4**  
**Spraoi Cois Laoi 2010/11**  
le linn Chéilí Mór  
**Óstán Imperial**  
**22 Samhain 2010**
- **Fáiltiú & Cóisir na Nollag 2010**  
**Ceithre Fháiltiú Cásca 11**  
200 duine, Múinteoirí & Baill Ranga  
Óstán an Clarion Corcaigh  
An Seomra Caidrimh  
**9 Nollaig 2010**  
**8 – 14 Márta 2011**
- Seimineár i modheolaíocht mhúinte teanga, Teaspántas Acmhainní, cruinniú Múinteoirí Lae/Oíche an Ionaid  
Múinteoirí na gColáistí Samhraidh  
**Pól Ruiséal, Caitriona Ní Chathail**  
**4 Deireadh Fómhair 2010, 25 – 28 Deireadh Fómhair 2010,**  
**23 Bealtaine 2011**
- **Antaine Ó Coileáin**, Príomhfheidhmeannach Ghael-Linn  
*“Feidhm na Gaeilge mar eochair ghairme”*  
Seomra Seimineáir G01  
**8 Feabhra 2011**

- **Pádraig MacFhearghusa**, Uachtarán Chonradh na Gaeilge  
*“Eagarthóireacht Ghaeilge le cabhair na nua-theicneolaíochta”*  
**15 Feabhra 2011**
- **Ciara Ní Tuathail, COC**  
*“Sealbhú scileanna an dátheangachais & an Ghaeilge”*  
**1 Márta 2011**
- **Tadhg Ó Maoileoin, Nemeton**  
*“An Ghaeilge mar acmhainn ghnó i saol na teilifíse”*  
**15 Márta 2011**
- **Orla Ní Dhubhghaill, COC**  
*“An Cheimic agus an Ghaeilge”*  
**29 Márta 2011**
- **Pól Ruiséal, COC**
  - (i) Nótaí Eolais ar chúrsaí  
Seimineár ar Oiliúint Bhunmhúinteoirí Oifig na nGairmeacha, COC  
**11 Deireadh Fómhair 2010**
  - (ii) **Éigse na nDéise**  
An Baile Dubh, Co. Phort Láirge  
Eochairchaint : *“An Caist : Tomás Ó Ríordáin – an fear, a scéal, a theanga Dhéiseach”*  
**15 Deireadh Fómhair 2010**
- **Scoláireacht Uí Ríordáin**  
(urraithe ag Bord na Gaeilge)  
Bronnta ar **Liam Ó Tuathaigh**  
Gaelscoil Uí Ríordáin  
An tUachtarán **Micheál Ó Murchú**  
Aoichainteoir : **Donnchadh Ó hAodha**  
**7 Meitheamh 2011**
- **Ciarán Dawson, COC**
  - Seimineár agus Ceárta  
*“An Ghaeilge sa Chleachtadh Dlí”*  
Scoil Dhlí-Chumann na hÉireann  
Ábhair Dhlíodóirí an Chumainn  
**13 Deireadh Fómhair 2010**
  - Webinar / Seimineár ar líne  
Cur i láthair le Comhlacht Rosetta Stone  
**Seomra G01**  
**15 Meán Fómhair 2011**
  - *“Ó chanúint go canúint”*  
Grúpa dioplóma an Ionaid  
Dún Chíomháin  
**5 Feabhra 2011**
- **Gradam na Gaeilge**  
(urraithe ag Banc na hÉireann)  
Bronnta ar **Rút Nic Ginneá** agus **Caoimhín Ó Muirgheasa**  
ag **Maedhbh Ní Urdail** agus **Vivienne Cremin** thar ceann an Bhainc  
**4 Bealtaine 2011**

- **Nuala de Búrca**
  - (i) Cúig eagrán den Nuachtlitir “*Bhuel*”  
**2010 – 2011**
  - (ii) Comheagraí Imeachtaí an Ionaid Chónaithe Gaeilge
  - (iii) Ina comhairleoir Gaeilge, **Nuacht UCC**, iris ollscoile
  - (iv) mhúin cúrsa scéime teanga
  - (v) seisiún eolais do bhaill foirne  
“*Seirbhísí na Gaeilge san Ollscoil*”  
**9 Bealtaine 2011**
  
- **Ciarán Dawson**
  - i) Tionól ar Theicneolaíocht Nua an Oideachais  
Comhdháil Dhomhanda Bheirlín  
**1 – 3 Mí na Nollag 2010**
  - ii) Eagarthóir : Tuairisc Féinmheasúnaithe an Ionaid  
Comheagraí ar Choiste Feabhais an Ionaid  
**Eanáir 2011**
  - iii) Ollscoil A Coruna  
Cúrsa sa Ghaeilge do mhic léinn dochtúireachta  
**20 – 24 Meán Fómhair 2011**
  - iv) “*An Ghaeilge inniu*”  
Mic léinn T(EFL)  
**25 Lúnasa 2011**
  - v) Feitheoireacht & Múineadh  
Modúl Nua ar líne GA1062  
Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach
  
- **Claire Ní Mhuirthile**
  - i) riaradh :
    - Ionad Cónaithe Gaeilge,
    - Scéim na Scol,
    - Dún Chíomháin,
    - Scéim na dTeaghlach
    - Gradam na Gaeilge
  - ii) eagrú theaspáinteas Lá na Féile Bríde  
**1 – 10 Feabhra 2011**
  - iii) tuairisc bhliantúil 2010-11  
Sláinte agus Sábháilteacht  
Ionad na Gaeilge Labhartha
  - iv) Eagrú Bhronnadh  
Ghradam na Gaeilge  
Scoláireachtaí Áras Uí Thuama  
**4 Bealtaine 2011**
  - v) scrúdaitheoir i labhairt na Gaeilge  
Cumann Tráchtála Chalafort an Chóibh  
Clár Teangacha na Meánscol  
**26 Eanáir 2011**
  - vi) Bhain Teastas FETAC (5) le Gradam sa Chéad Chabhair  
**30 Márta 2011**
  - vii) Agallaimh Raidió  
Raidió Campus  
Raidió na Gaeltachta

- **Seán Ó Laoi**
  - i) mhúin trí chúrsa ar leith :
    - Iriseoireacht ghairmiúil na Gaeilge
    - Úsáid chruinn na teanga
    - Cúrsa scéime teanga
  - ii) cúntóireacht i réimse an aistriúcháin
  - iii) riaradh chúrsaí na foirne
  - iv) comheagrú ar sheisiúin eolais Ghaeilge na chéad bhliana i gcomhar leis An Oifig Iontrála, COC
  
- **Brian Ó Donnchadha**
  - i) riaradh agus obair an Aonaid Aistriúcháin
  - ii) mhúin cúrsa ar scileanna an aistriúcháin  
**Feabhra - Márta 2011**
  - iii) comheagrú Fhóram Aistritheoirí na Mumhan
  - iv) ina bhall, Coiste Feabhais an Ionaid
  - v) ina bhall, meitheal mhonatóireachta shuíomh COC a chinntíonn go bhfuil an suíomh dátheangach
  - vi) i mbun shocrú mhearnaisc Ghaeilge Shuíomh Idirlín COC
  - vii) comheagrú Chomhdháil na gCuimhní Aistriúcháin i gcomhar le Foras na Gaeilge, An Comhlacht-LING  
**15 – 16 Eanáir 2011**
  - viii) aistriú ar threoirleabhar eolais  
Theaspántas Leabhar Leasa Móir : *“Travelled Tales-Leabhar Scéalach Siúlach”*  
**Iúil 2011**
  - ix) profléitheoireacht agus caighdeánú Gaeilge ar théacs an *“Ordo Missae”* le haghaidh an *“Missale Romanum”* nua atá á ullmhú ag Coiste *“Sapientí”* Vatacáin na Róimhe
  - x) - cúrsa seachtaine, Ollscoil Bochum  
**Meitheamh 2011**  
- cúrsa coicís, mic léinn Bochum  
Dún Chíomháin  
**Meán Fómhair 2011**
  
- **Caitríona Budhlaeir**
  - i) mhúin cúrsa na dTionóntaí sa Ghaeltacht  
**Meán Fómhair – Mí na Nollag 2010**
  - ii) bunachar eolais ar acmhainní Dhún Chíomháin a chothabháil
  - iii) Cúrsa Litearthachta, Sraith de Chluichí Ríomhaireachta do Leanaí  
**Meán Fómhair – Mí na Nollag 2010**
  - iv) *“Scléip do Leanaí Óga”*  
Seanscoil an Chuasa  
Seisiúin an tSathairn
  - v) Sraith de Léachtaí Poiblí  
Logainmneacha Iarthar Dhuibhneach  
**Deireadh Fómhair – Mí na Samhna 2010**
  
- **Cearbhall Ó Colmáin**
  - i) comhairleoir ríomhaireachta do mhic léinn agus don fhoireann Ghaeilge
  - ii) eagrú agus múineadh dhá chúrsa sa ríomhaireacht Ghaeilge in COC
  - iii) páirteach in eagrú  
Chomhdháil na gCuimhní Aistriúcháin  
**15 – 16 Eanáir 2011**
  - iv) cabhair theicniúil agus fógraíocht ar acmhainní/imeachtaí an Ionaid

- v) cothabháil agus uasdhátú shuíomh an Ionaid, socrú an mhearnaise nua ar shuíomh COC
- **Marian Ní Shúilliobháin**
  - i) Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2011  
Cainteoirí, ceoltóirí, múinteoirí Gaeltachta (91 mac léinn)
  - ii) Riaradh príomhchlár teanga :
    - cúrsaí oíche an phobail (342 foghlaimeoir)
    - fiorthosnaitheoirí, modúil GA1120, GA1121 (345 foghlaimeoir)
    - cúrsaí d'ábhair mhúinteoirí (35)
    - cúrsaí deonacha don uile mhac léinn (138 foghlaimeoir)
  - iii) Scoláireacht Uí Ríordáin  
**7 Meitheamh 2011**
  - iv) Tráth Ceist, Lucht Scoláireachta  
Áras na Mac Léinn  
**20 Deireadh Fómhair 2010**
  - v) Trí thuras lae ar Ghaeltacht Mhúscraí  
**Mí na Samhna 2010**  
**Feabhra 2011**
- **Pól Ruiséal**
  - i) riaradh an chúrsa dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach
  - ii) rúnaíocht an Choiste Gnó, Bhord na Gaeilge, Choiste Dioplóma
  - iii) Ina bhall de :
    - Coiste Stiúrthóirí Áras na Díge
    - Coiste Scéim Teanga COC
    - Coiste Monatóireachta na Scéime Teanga
    - Coiste Stiúrthóirí Gaeilge Tríú Leibhéal
    - Coiste Feabhais an Ionaid
    - Cuideachta Comhar Tta
  - iv) Gradam Speisialta  
Coláiste Naomh Colmán  
**11 Mí na Samhna 2010**
  - v) Cruinniú Oiliúna Teagaisc le Comheagraí Teagaisc na gColáistí Samhraidh  
Caitríona Ní Chathail  
**23 Bealtaine 2011**
  - vi) Clár Faisnéise ag TG4  
Stair “Hadji Bey” in Éirinn  
Agallamh Fada  
**6 Meán Fómhair 2011**
  - vii) Bronnadh Teastas  
Eachtrannaigh GA1121  
18 mac léinn  
**5 Bealtaine 2011**
  - viii) Agallaimh Raidió/Teilifíse ar obair an Ionaid  
Raidió Fáilte, Béal Feirste  
Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió WLR Phort Láirge, TG4
  - ix) Athdhearadh agus teagasc an tsiollabais nua  
An Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach  
Leibhéal 7 (NFQ)

## Margaíocht agus Caidreamh Poiblí

Cuireadh béim áirithe ar mhargaíocht na gclár staidéir agus ar an gcaidreamh poiblí trí chéile i gcaitheamh na bliana. Chabhraigh an cur chuige seo lena chinntiú go mbeadh ardshuim sna cúrsaí a bhí á dtairiscint. Chabhraigh an nuachtlitir “*Bhuel*”, an físeán fógraíochta “*Fás agus forbairt na Gaeilge in COC*”, rannpháirtíocht i dTeaspáinteas Aos-Oideachais Chorcaí agus feachtais ghearra fógraíochta sna nuachtáin, leis an bhfeachtas margaíochta a neartú.

Bhí an tIonad chun tosaigh i gcónaí i gcur chun cinn an chláir in oiliúint teagaisc do mhúinteoirí na gColáistí Samhraidh agus i leathnú na teanga labhartha i measc na foirne trí chéile..

Tionóladh cruinnithe go rialta le coistí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhain le leathnú na Gaeilge agus na mionteangacha. Tugadh agallaimh do nó fuarthas cabhair nár bheag ó stáisiúin raidió agus teilifíse de leithéid TG4, RTÉ 1, Raidió 96FM, Raidió na Gaeltachta, Raidió Fáilte, Béal Feirste, Raidió na Life, Raidió Campus COC. Cuireadh cainteoirí ar fáil agus moladh cainteoirí ar shainábhair do chláir faisnéise, do nuacht Raidió na Gaeltachta agus do nuacht TG4. Bhí an Seomra Caidrimh agus Seomra Seimineáir G01 á n-úsáid mar stiúdeonna teilifíse ag TG4 anois is arís i gcaitheamh na bliana.

Foilsíodh ailt a scríobh foireann an Ionaid as Gaeilge agus as Béarla, nó tugadh agallamh do nuachtáin agus d’irisí (*Saol, Feasta, Foinse, Gaelscéal, Céimí UCC, Nuacht UCC, Irish Times, Irish Examiner*).

Cuireadh dearadh comhaimseartha ar bhróisiúir na bpríomhchúrsaí san Ionad. Eisíodh nuachtlitir an Ionaid “*Bhuel*” go rialta agus cuireadh timpeall í go dtí na mic léinn agus an fhoireann. Scaipeadh an tuarascáil bhliantúil go fairsing in Éirinn agus thar lear. Múineadh cúrsaí Gaeilge in Ollscoileanna Bochum sa Ghearmáin agus A Coruna sa Spáinn.

Cuireadh míreanna de scéim teanga COC i bhfeidhm trasna na hollscoile agus tionóladh cruinnithe a bhain leis an dara Scéim Teanga thrí bliana a chur i bhfearas.

Chabhraigh suíomh idirlín an Ionaid go mór le himeachtaí na Gaeilge chomh maith. Críochnaíodh athdhearadh breise a bhí á dhéanamh ar an suíomh. Ceapadh eagarthóir air agus cuireadh béim ar an eolas a choimeád cothrom le dáta an lae ar bhonn rialta. Cuireadh mearnasc go dtí na seirbhísí aistriúcháin ar fáil ar leathanach baile shuíomh na hollscoile. Cuireadh treoirleite le chéile maidir le húsáid na Gaeilge ar shuíomh COC agus cuireadh timpeall iad go dtí gach ionad agus roinn san Ollscoil.

(suíomh an Ionaid : <http://www.ucc.ie/ucc/igl/>)



## TUAIRISC MHION ar IMEACHTAÍ AN BHOIRD 2010 – 2011

### 1.3 MIONEOLAS

Tionóladh trí chruinniú den Bhord agus trí chruinniú de Choiste Gnó an Bhoird.

#### 1. CÚRSAÍ GAEILGE 2010 – 2011

##### A. CÚRSAÍ DEONACHA GAEILGE

(do mhic léinn nach raibh an Ghaeilge mar ábhar scrúdaithe acu)

138 mac léinn, 6 ghrúpa, 14 seachtaine, *i.e.* 84 uair an chloig san iomlán.

##### B. CÚRSA DO MHIC LÉINN AN DIO (ATO)

(mar ullmhú le haghaidh scrúdú an Teastais Ghaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile)

35 mac léinn, 2 ghrúpa, 15 seachtaine, 30 uair an chloig san iomlán.

##### C. CÚRSA DO THOSNAITHEOIRÍ

i) GA1120 : 319 mac léinn, 14 ghrúpa, 9 seachtaine, 3 huair an chloig sa tseachtain, 378 uair an chloig

ii) GA1121 : 26 mac léinn, 2 ghrúpa, 12 sheachtain, 4 huair an chloig sa tseachtain, 2 dhianchúrsa deireadh seachtaine, 96 uair an chloig, 192 uair an chloig

iii) 74 mac léinn, 1 ghrúpa, Ollscoil A Coruna na Spáinne, 20 uair an chloig

iv) 60 mac léinn, 4 ghrúpa, Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin, 20 uair an chloig

v) Mic Léinn RUB, Dún Chíomháin, 24 mac léinn, 2 ghrúpa, 10 lá, 4 uair an chloig sa ló, 40 uair an chloig, 650 uair an chloig san iomlán

##### D. CÚRSAÍ TEANGA

###### **Roinn na Nua-Ghaeilge**

Bliain I: 120 mac léinn, 6 ghrúpa, 6 huair an chloig sa tseachtain, 24 seachtain, 144 uair an chloig

###### **Roinn na Sean-Ghaeilge**

Bliain III: 16 mac léinn, 1 ghrúpa, 1 uair an chloig sa tseachtain, 24 seachtain, 24 uair an chloig, 168 uair an chloig san iomlán

##### E. CÚRSAÍ DON FHOIREANN

i) 19 foghlaimoir, 2 ghrúpa, 15 seachtaine, 30 uair an chloig

ii) 13 foghlaimoir, 2 ghrúpa, 15 seachtain, 30 uair an chloig

###### **Scéim Teanga COC**

iii) 4 foghlaimoir, 1 ghrúpa, 2 uair an chloig, Foireann

*i.e.* 62 uair an chloig san iomlán

##### F. DIPLÓMA SNA HEALAÍONA (AN GHAELGE FHEIDHMEACH) GA1060, GA1061, GA1062 (30 CREIDIÚINT)

i) 15 mac léinn, 1 ghrúpa, 25 seachtaine, 3 huair an chloig sa tseachtain, 75 uair an chloig

- ii) Cúrsa 2 lá, 48 n-uair an chloig  
*i.e.* 123 uair an chloig + 75 uair an chloig ar líne *i.e.* 198 san iomlán.

G. **SCILEANNA RÍOMHAIREACHTA**

- i) 07 foghlaimeoir (bunscileanna), 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 2 uair an chloig sa tseachtain, 20 uair an chloig
- ii) 07 foghlaimeoir (meánscoleanna), 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 2 uair an chloig sa tseachtain, *i.e.* 20 uair an chloig
- iii) 70 foghlaimeoir (Clár Teagaisc), 1 ghrúpa, leanúnach, 6 huair an chloig
- iv) 32 foghlaimeoir, seisiúin chomhairle, leanúnach 20 uair an chloig  
66 uair an chloig san iomlán

H. **CÚRSAÍ OÍCHE SA GHAELGE LABHARTHA DON PHOBAL**

342 foghlaimeoir, 621 uair an chloig

- i) **Cúrsa 20 Seachtain**
  - a) 287 foghlaimeoir, 13 ghrúpa, 2 uair an chloig sa tseachtain, *i.e.* 520 uair an chloig
  - b) 10 foghlaimeoir (Fíorthos. 2), 1 ghrúpa, 2 uair an chloig, *i.e.* 40 uair an chloig
- ii) **Cúrsa 10 seachtaine**  
45 foghlaimeoir, 2 ghrúpa, 2 u. an chloig sa tseachtain, *i.e.* 40 uair an chloig
- iii) Seisiúin mhodheolaíochta + teaspántas cúrsaí, 24 oide, 4 huair an chloig ar fad.
- iv) Seisiúin Mhodheolaíochta Eile, 3 foghlaimeoir, 3 ghrúpa, 5 seachtaine, 15 uair an chloig
- v) Coláistí Samhraidh, 1 chruinniú, 2 uair an chloig, comheagraí teagaisc, faoi choimirce an Ionaid  
621 uair an chloig san iomlán

I. **SAINCHÚRSAÍ TEANGA**

- i) **Cúrsa san Iriseoireacht**, 08 mac léinn, 1 ghrúpa, 12 sheachtain, 2 uair an chloig, 24 uair an chloig ar fad
- ii) **Úsáid chruinn na teanga**, 07 mac léinn, 1 ghrúpa, 15 seachtaine, 2 uair an chloig sa tseachtain *i.e.* 30 uair an chloig
- iii) **Mic léinn (T)EFL**, 20 duine, 1 ghrúpa, 2 uair an chloig *i.e.* 2 uair an chloig
- iv) a) **Mic léinn RUB**, 2 ghrúpa sa Dún, 24 dhuine, 4 huair an chloig, 10 lá, 40 uair an chloig  
b) **Cúrsa na dTionóntaithe Tí Gaeltachta**, 12 duine, 1 ghrúpa, 3 huair an chloig, 3 lá, 15 seachtain, 135 uair an chloig
- v) **Aistriúchán**, 21 duine, 2 uair an chloig, 5 seachtaine, 10 n-uair an chloig
- vi) Modúl an Leighis (MX 1007), 13 dhuine, 1 uair an chloig, 25 seachtaine, 25 uair an chloig,  
266 uair an chloig san iomlán

- J. i) Múinteoirí nua ar na cúrsaí thuas a chomhairliú agus a oiliúint. Meantóireacht Leanúnach (seisiúin chomhairle, 12 uair an chloig srl.)
- ii) Freastal ar na gnáthmhúinteoirí
- iii) Eagrú agus riaradh na gcúrsaí
- iv) Fáiltiú na gCúrsaí Oíche, **Nollaig 2010, Cáisc 2011**

## 2. DÚN CHÍOMHÁIN

### 1. Eagrú Chúrsaí Gaeilge

- 3 chúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn Roinn na Nua-Ghaeilge.
- 6 chúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn Ionad na Gaeilge Labhartha.
- 4 chúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn na gcúrsaí oíche agus do Chumann Gaeilge na Foirne.
- 1 chúrsa tionóntaí i gcomhar le Comhairle Chontae Chiarraí
- 2 chúrsa seachtaine do mhic léinn Bochum na Gearmáine
- 2 chúrsa seachtaine do mhic léinn Roinn an Oideachais (Staidéir Spóirt)
- 1 chúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn leighis
- 19 gcúrsa, 288 mac léinn san iomlán

### 2. Saoire Ghaeilge 2011

Teaghlaigh	31 duine
Cúntóir Teanga	01
Foireann UCC	<u>04</u>
<b>Iomlán</b>	<b>36</b>

**Iomlán ar fad 324 lóistéir sa Dún 2010/2011**

### Gníomhaíochtaí Áirithe

- (a) Plean oibre thrí bliana leagtha amach ag an teagascóir-bainisteoir, Caitríona Budhlaeir.
- (b) Cothabháil agus Deisiú an Dúna i gcomhar leis an teagascóir-bainisteoir agus le Coiste na bhFoirgintí. Fuinneoga Nua á gcur isteach.
- (c) Chaith 7 dteaghlach foirne agus 4 ball foime tréimhsí a mhair ó roinnt laethanta go dtí seachtain sa Dún i gcaitheamh na bliana agus go háirithe mar chuid de Scéim Shaoire Ghaeilge na dTeaghlach Foirne.
- (d) Riaradh na gCnuasach Leabhar, Irisleabhar agus Téipeanna.
- (e) Úsáid agus cothabháil na saotharlainne ríomhaireachta APPLE i Halla an Dúna.

## 3. SCOLÁIREACHTAÍ GAELTACHTA DO MHC LÉINN

- a) Thug 91 mac léinn tréimhse ar scoláireacht sa Ghaeltacht, Cáisc/Fómhar 2011. Chaith gach mac léinn seachtain ann. 151 ab ea líon na n-iarratasóirí.
- b) Ina measc bhí mic léinn as Roinn na Nua-Ghaeilge agus mic léinn eile mar seo leanas :

### **Briseadh síos an 151 a chuir isteach ar scoláireacht**

Bliain I .....	39
Bliain II .....	38
Bliain III .....	10
Roinn IV (Iarchéimithe Gaeilge) .....	03
Roinn V (Mic léinn eile na hollscoile).....	46
Roinn VI (Mic léinn dioplóma) .....	15
<b>Iomlán</b>	<b>151</b>

- c) Ghlac 12 theach muintire páirt sa scéim. Bhí teach sa Rinn, teach i Rann na Feirste agus na cinn eile in Iarthar Duibhneach. Bhí ball d'fhoireann Ionad na Gaeilge Labhartha i bhfeighil na mac léinn ag eagrú maidin is tráthnóna sraith d'imeachtaí agus de sheimineáir dóibh, ag deighleáil le mná tí agus leis an bpobal áitiúil.
- d) Trí thuras lae ar Ghaeltacht Mhúscraí, Foghlaimeoirí Oíche, Foghlaimeoirí ón iasacht.  
**(i) 13 Samhain 2010, (ii) 20 Samhain 2010, (iii) 19 Feabhra 2011**

#### **4. CÚRSAÍ / COMHDHÁLACHA INSEIRBHÍSE**

D'fhreastail ineadaí/ineadaithe de chuid Ionad na Gaeilge Labhartha ar na comhdhálacha/cúrsaí seo leanas:

- Cúrsa Oiliúna : “*An mac léinn agus an deoch mheisciúil*”  
Acmhainn Daonna COC  
**9 Nollaig 2010**
- Athnuachan Scileanna Chéad Chabhrach  
**29 – 30 Márta 2011**
- Cúrsa Oiliúna : “*SafeTalk – deighleáil le mic léinn faoi mhórstrus*”  
Aontas na Mac Léinn  
**26 Meán Fómhair 2011**
- Comhdháil na gCuimhní Leictreonacha san Aistriúchán  
**15 – 16 Eanáir 2011**
- Comhdháil Dhomhanda Bheirlín  
**1 – 3 Mí na Nollag 2010**
- Clár Iarchéime sa bhFoghlaim/Teagasc, **2010 – 2011**
- Seimineáir le haghaidh Úsáideoirí Blackboard (2)
- Seimineár ar theicneolaíocht na faisnéise *f/c* Rosetta Stone  
**15 Meán Fómhair 2011**
- Seimineár : “*Gairm an Aistritheora Ghaeilge san Aontas Eorpach*”  
Kate Healy, An Coimisiún Eorpach  
**24 Márta 2011**

## 5. BALLRAÍOCHT AR CHOISTÍ/BHOIRD AGALLAIMH (*inmheánach/eachtrach*)

- Bord Agallaimh do scoláireachtaí Gaeilge BA(ECS)
- Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta
- Scéim an Ionaid Chónaithe
- Oidí Páirtaimseartha in Ionad na Gaeilge Labhartha
- Scrúduithe Béil ar lucht meánscoile, Cumann Tráchtála Chalafort an Chóibh
- Scrúdaitheoir Eachtrach, Bord Iniúchta Feabhais, Lárionad Teanga, Ollscoil Mhaigh Nuad
- Coiste Feabhais an Ionaid

## 6. AN SEOMRA CAIDRIMH

- i. Úsáid laethúil mar sheomra coiteann foirne – maidin agus tráthnóna
- ii. Gach Máirt : Cruinniú an Ionaid Chónaithe **nó** Cruinniú Chumann na Foirne Gaeilge
- iii. Gach Céadaoin : Seisiún ceoil ag am lóin (i gcomhar le Cumann an Cheoil Thraidisiúnta agus leis an gCuallacht)
- iv. Gach Déardaoin : Teacht le chéile ag am lóin, An Chuallacht
- v. Gach Déardaoin : Cruinniú an Chumann Drámaíochta
- vi. Úsáid mar ionad cruinnithe dátheangach ag grúpaí na hOllscoile, mar ionad i gcomhair sheoltaí leabhar agus fáiltithe.
- vii. Cruinnithe an Choiste Gnó, Cruinnithe Foirne
- viii. Ócáidí Bronnta *e.g.* Scoláireachtaí Áras Uí Thuama, Teastais GA1121
- ix. Ranganna Oíche : Sos caife (Luan - Déardaoin 8.00 - 9.00 p.m.) ag na Cúrsaí Oíche Gaeilge agus ag Cúrsaí Oíche eile
- x. Aire Laethúil – eagrú imeachtaí, gréithre, irisí, seilp leabhar, troscáin, nuachtáin, péinteáil agus athchóiriú
- xi. Seastán do Phreas na Gaeilge agus don Phreas Idirnáisiúnta. Seilpeanna de leabhair Ghaeilge le húdair de chuid COC. Buantespáinteas agus Teaspáinteas ar leith péintéireachtaí le healaíontóirí aitheanta.
- xii. Teastas Eorpach Gaeilge (TEG), Dhá scrúdú Sathairn Lárionad Teanga OEM i gcomhar leis an Ionad, COC

## 7. SCÉIM NA SCOL

- 10 meánscoil Ghaeilge i gceist, 5 scoil Ghaeilge, 5 scoil Ghaeltachta
- 3 cainteoirí ar gach painéal, 20 cainteoir (8 foirne)
- Cuireadh na seisiúin chomhairle ar siúl roimh cheannlá C.A.O. 1 Feabhra 2011
- Seimineár athbhreithnithe, 31 Márta 2011

## 8. IONAD CÓNAITHE GAEILGE

Tá an tIonad Cónaithe ag feidhmiú go héifeachtach ó 1993 i leith. Beidh sé fiche bliain ar an bhfód sa bhliain 2013.

2010 – 2011 : 35 iarratasóir

2011 – 2012 : 25 iarratasóir

**Comheagraí : Nuala de Búrca**

**Riarthóir : Claire Ní Mhuirthile**

### Imeachtaí

- Cruinniú Tionscnaimh ..... 29 Meán Fómhair 2010
- Tráth Ceist le Gearóid Ó Modartha, Íoslach Áras Uí Thuama ..... 19 Deireadh Fómhair 2010
- Oscailt an Spraoi 2010 le Sinéad Ní Loideáin, Óstán Imperial 22 Mí na Samhna 2010
- Dráma le Cumann Drámaíochta COC, Amicus/Cork Arts Theatre..... 3 Márta 2011
- Ócáid Mhór Phoiblíochta ar ÁUT, Amfaitéatar Áras Uí Thuama ..... 15 Márta 2011
- Fáilteú agus Bronnadh Scoláireachtaí €500 le Caitríona Ní Dhochartaigh..... 4 Bealtaine 2011  
(*D'éirigh le gach áitritheoir*)

**2011 – 2012** : 25 iarratasóir : 27 áit

**Iomlán** : 17 áitritheoir nua

## 9. AN tSEIRBHÍS AISTRIÚCHÁIN

Fógraí dátheangacha, teidil, cártaí gnó, tuairiscí éagsúla a aistriú d'Oifig na bhFoirgintí, An Chlólann, Ranna, Aonaid agus Ionaid Ollscoile. Aistríodh doiciméid agus tuairiscí a tháinig isteach go mórmhór ó Oifig an Chláraitheora, Oifig an Uachtaráin, Oifig na hOidhreachta agus ó Áiléar Glucksman. Aistríodh cáipéisí do roinnt eagras stáit, d'institiúidí tríú leibhéal oideachais, as áiteanna eile ar fud na hÉireann agus tugadh comhairle i leith an aistriúcháin dóibh i gcaitheamh na bliana.

<u>Institiúid</u>	<u>Líon na dTionscadal</u>
Coláiste na hOllscoile Corcaigh .....	33
Coiste Ghairm-Oideachais Chathair Chorcaí .....	01
Ollscoil Luimnigh .....	10
Óglaigh Náisiúnta.....	01
An Roinn Oideachais & Scileanna.....	07
An Roinn Comhshaoil.....	01

An Phríomh-Oifig Staidrimh.....	02
Comhlacht Idirnáisiúnta Innealtóireachta.....	01
Comhlacht Foilsitheoireachta Coiscéim.....	01
<b>Iomlán</b> .....	<b>57</b>
<b>Teacht Isteach</b> .....	<b>€19,298</b>

**Teagascóir – Aistritheoir**

**Brian Ó Donnchadha**

## **10. SOLÁTHAR ÁBHAR ar dlúthdhiosca agus COTHABÁIL TREALAIMH**

- i) 10 dtéip fuaime nua. 20 dlúthscannán nua. Cáisíní agus Dlúthdhioscaí.
- ii) Scagadh agus roghnú.
- iii) Abhar na dtéipeanna a scríoptáil, a ullmhú agus a chur i gcomhad.
- iv) Cothabháil theicniúil i leith na gcnuasach téipeanna/dlúthdhioscaí (400).
- v) Bailiú ábhair ar dlúthdhiosca/dlúthscannán. Sean-téipeanna agus Nua-téipeanna fise/fuaime (500).
- vi) Trealamh digiteach agus analógach a choimeád agus a chothabháil.
- vii) Fáil agus cothabháil trealamh/troscáin do linn na ríomhairí (10 ríomhaire beag, 16 ghnáthríomhaire idir Apple MAC agus PC).
- viii) Aon seomra ranga leictreonach : 15 MacBook.
- ix) Saotharlanna ríomhaireachta APPLE i nDún Chíomhain, i Seomra G01 ÁUR, i Seomra 4 Gort na mBláth. (18 ríomhaire Apple Mac).
- x) Cothabháil bhunachar acmhainní a bhaineann leis an Ionad & An Dún.

## **11. CAIDREAMH POIBLÍ AGUS MARGAÍOCHT**

Bhíothas i dteagmháil le breis agus céad eagraíocht Gaeilge, Oideachais, Gnó agus eile ar fud na tíre agus ar fud an domhain i gcaitheamh na bliana. Tá liosta na n-eagraíochtaí ar deineadh teagmháil leo ar fáil in Ionad na Gaeilge Labhartha.

3.1 AGUISÍN / APPENDIX

**Cúrsaí sa Ghaeilge Labhartha 2010-2011**  
*Tá figiúirí na bliana seo caite ar fáil faoi lúbíní.*

Cláir Staidéir	Líon Mac Léinn	Líon Grúpaí	U. an chl. sa tSeachtain	Fad Cúrsa	U. an chl. go hiomlán
<b>Cúrsaí Deonacha</b> le haghaidh mhic léinn nach bhfuil ag stáidéar na Gaeilge mar ábhar acadúil	<b>138 (170)</b>	<b>6 (8)</b>	<b>6 (8)</b>	<b>14 seacht.</b> (1 u. an chl./ mac léinn/ seachtain)	<b>84 (112)</b>
An Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile	<b>35 (35)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>15 seacht.</b> (1 u./m.l/seacht.)	<b>30 (30)</b>
<b>Cúrsa na bhFíorthosnaitheoirí</b>	<b>319 (254)</b>	<b>14 (13)</b>	<b>42 (39)</b>	<b>9 seacht.</b>	<b>378 (351)</b>
• GA1120	<u>26 (27)</u>	<b>2 (2)</b>	<b>8 (8)</b>	<b>12 seacht. + 4 lá</b> (4 u./m.l/seacht.)	<b>192 (96)</b>
• GA1121	<b>345 (281)</b>				
• Ruhr Universität, Bochum	<b>60 (60)</b>	<b>4 (2)</b>	---	<b>5 lá</b>	<b>20 (10)</b>
• Ollscoil A Coruna, An Spáinn	<b>74 (12)</b>	<b>1 (1)</b>	---	<b>5 lá</b>	<b>20 (20)</b>
• Cúrsa sa Dún, Mic Léinn BOCHUM	<b>24 (21)</b>	<b>2 (2)</b>	---	<b>10 lá</b>	<b>40 (40)</b>
					<b>650 (517)</b>
<b>Cúrsaí Foirne; COC</b>	<b>19 (21)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>15 seacht.</b> (1 u./m.l/seacht.)	<b>30 (30)</b>
<b>Cúrsa don Fhoireann</b>	<b>4 (3)</b>	<b>1 (1)</b>	---	<b>1 lá</b>	<b>2 (3)</b>
<b>Cúrsa san Aistriúchán</b>	<b>21 (16)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>5 seacht.</b>	<b>10 (10)</b>
<b>Cúrsaí Oiliúna Foirne (Scéim Teanga)</b>	<b>13 (26)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>15 seacht.</b>	<b>30 (30)</b>
<b>Cúrsa Diplóma : GA1060, GA1061, GA1062</b>	<b>15 (15)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>3 (3)</b>	<b>25 seacht. + 2 lá</b> <b>+ am ar líne</b>	<b>223 (123)</b>
<b>Mic Léinn T(EFL)</b>	<b>20 (18)</b>	<b>1 (1)</b>	---	<b>1 lá</b>	<b>3 (3)</b>
<b>Modúl Leighis, Bliain 1</b>	<b>13 (25)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>25 seacht.</b>	<b>25 (25)</b>
<b>Cúrsa Teanga, Roinn na Nua-Ghge, Bl. 1</b>	<b>120 (140)</b>	<b>6 (7)</b>	<b>6 (7)</b>	<b>24 seacht.</b>	<b>144 (168)</b>
<b>Roinn na Sean-Ghge, Bl.III</b>	<b>16 (20)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>24 seacht.</b>	<b>24 (24)</b>
<b>BCL Díl le Gaeilge</b>	<b>0 (9)</b>	<b>0 (1)</b>	<b>0 (1)</b>	<b>12 seacht.</b>	<b>0 (12)</b>
<b>Cúrsa na dTionóntaithe (Dún)</b>	<b>12 (8)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>9 (1)</b>	<b>15 seacht.</b>	<b>135 (135)</b>
<b>Cúrsaí Ríomhaireachta srl.</b>					
• Bunscoileanna	<b>7 (5)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>10 seacht.</b>	<b>20 (20)</b>
• Meánscoileanna	<b>7 (6)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>2 (2)</b>	<b>10 seacht.</b>	<b>20 (20)</b>
• Foghlaimoírí Leanúnacha	<b>32 (40)</b>	---	---	---	<b>20 (20)</b>
• Foireann UCC	<b>70 (80)</b>	<b>1 (1)</b>	<b>6 (4)</b>	<b>4 seacht.</b>	<b>24 (20)</b>
• Daltaí "Líonadh na Bearna"	<b>0 (56)</b>	<b>0 (4)</b>	---	<b>1 lá</b>	<b>0 (8)</b>
• Cúrsa coicís do mhac léinn spóirt	<b>27 (9)</b>	<b>1 (1)</b>	---	<b>10 lá</b>	<b>50 (50)</b>
<b>FO-IOMLÁN</b>	<b>1,072 (1,226)</b>	<b>52 (62)</b>	<b>92 (93)</b>		<b>1,524 (1,424)</b>
<b>Cúrsaí Oíche don Phobal</b>	<b>342 (353)</b>	<b>16 (20)</b>	<b>32 (42)</b>	<b>10 + 20 seacht.</b>	<b>600 (800)</b>
